

## An rás go dtí Áras an Uachtaráin

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar tuairisc faoi fheachtas na n-iarrthóirí don Uachtaránacht. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na focail seo thíos:

1. supporters
2. she earned
3. Royal College of Physicians
4. directorate fees
5. preaching
6. election campaign
7. commemoration
8. investment
9. clemency letters
10. campaigning
11. Irish citizenship
12. ex-partner
13. taxpayer

### Ceist 2

Anois féach ar an tuairisc cúpla uair - an raibh an ceart agaibh?

### Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus breac síos pointe amháin eolais faoi na hiarrthóirí seo a leanas:

Mary Davis: \_\_\_\_\_

Gay Mitchell: \_\_\_\_\_

Martin McGuinness: \_\_\_\_\_

Seán Gallagher: \_\_\_\_\_

David Norris: \_\_\_\_\_

Mícheál Ó hUigínn: \_\_\_\_\_

**Ceist 4.** ‘i mbun stocaireachta’ agus ‘feachtas toghchánaíochta’

(a) Cad is féidir leat a rá faoi na focail a bhfuil líne fúthu thuas?

(b) Déan cibé athrú is gá leis na focail atá idir lúibíní thíos.

eastát (tithíocht)	_____
a lán (fógraíocht)	_____
caighdeán (aisteoireacht)	_____
méid (infheistíocht)	_____
feachtas (bolscaireacht)	_____
ag scríobh (filíocht)	_____
leisce (siopadóireacht)	_____

**Ceist 5** ‘saoránacht Éireannach’

Ciallaíonn an focal le líne faoi (a) duine ó Éirinn (ainmfhocal) agus (b) focal a chuireann síos ar rud ó Éirinn (aidiacht). Líon na bearnaí sa bhosca anois.

An tír	An duine	An aidiacht
Éire	Éireannach	bia Éireannach
An Fhrainc		
An Spáinn		
An Ghearmáin		
An Iodáil		
Sasana		
An Ghréig		

**Ceist 6** Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cé hé nó hí an t-iarrthóir is mó a thaitníonn leat? Cén fáth?

Cé hé nó hí an t-iarrthóir is lú a thaitníonn leat? Cén fáth?

An síleann tú go raibh Máire Mhic Giolla Íosa ina hUachtarán maith? Cén fáth?

## Freagraí

### Ceist 1 agus Ceist 2

- |                                |  |
|--------------------------------|--|
| 1. supporters                  | <i><b>lucht tacaíochta</b></i>         |
| 2. she earned                  | <i><b>shaothraigh sí</b></i>           |
| 3. Royal College of Physicians | <i><b>Coláiste Ríoga na Lianna</b></i> |
| 4. directorate fees            | <i><b>táillí stiúrthóireachta</b></i>  |
| 5. preaching                   | <i><b>seanmóireacht</b></i>            |
| 6. election campaign           | <i><b>feachtas toghchánaíochta</b></i> |
| 7. commemoration               | <i><b>comóradh</b></i>                 |
| 8. investment                  | <i><b>infheistíocht</b></i>            |
| 9. clemency letters            | <i><b>litreacha trócaire</b></i>       |
| 10. campaigning                | <i><b>i mbun stocaireachta</b></i>     |
| 11. Irish citizenship          | <i><b>saoránacht Éireannach</b></i>    |
| 12. ex-partner                 | <i><b>iar-pháirtí</b></i>              |
| 13. taxpayer                   | <i><b>cáiníocóir</b></i>               |

### Ceist 3

- Mary Davis: D'fhoilsigh sí sonraí faoin mhéid a shaothraigh sí le deich mbliana anuas. / Fuair sí os cionn €390,000 as táillí stiúrthóireachta. / Tá sí ag iarraidh a seanmóireacht a chleachtadh maidir le bheith oscailte.
- Gay Mitchell: Sheol Enda Kenny a fheachtas Uachtaránachta go hoifigiúil. / Dúirt sé go mbeidh an chéad Uachtarán eile i bun na n-ullmhúchán do chomóradh céad bliain 1916.
- Martin McGuinness: Dúirt sé go mbeadh sé féin ag díriú ar chúrsaí fostaíochta agus infheistíochta agus é ina Uachtarán.
- Seán Gallagher: Is iarrthóir neamhspleách é. / Dúirt sé go raibh brón air faoin chaint ar fad faoi litreacha trócaire David Norris agus chúlra Martin McGuinness.
- David Norris: Bhí sé i mbun stocaireachta i Nás. / Is seanadóir é. / Shéan sé go raibh baint aige le saoránacht Éireannach a fháil dá iar-pháirtí.
- Mícheál Ó hUigín: Díreoidh sé ar chabhrú le daoine gan dídean agus é ina Uachtarán. / D'eagraigh sé cluiche peile idir baill an Oireachtais agus uiséirí na Dála chun airgead a bhailiú do dhaoine gan dídean.

**Ceist 4 (a)**

Is focail bhaininsneacha iad agus tá siad sa tuiseal ginideach.

**Ceist 4 (b)**

eastát **tithíochta**

a lán **fógraíochta**

caighdeán **aisteoireachta**

méid **infheistíochta**

feachtas **bolscaireachta**

ag scríobh **filíochta**

leisce **siopadóireachta**

**Ceist 5**

An tír	An duine	An aidiacht
Éire	Éireannach	bia Éireannach
An Fhrainc	Francach	bia Francach
An Spáinn	Spáinneach	bia Spáinneach
An Ghearmáin	Gearmánach	bia Gearmánach
An Iodáil	Iodálach	bia Iodálach
Sasana	Sasanach	bia Sasanach
An Ghréig	Gréagach	bia Gréagach

**Ceist 6**

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

## Eimear Ní Chonaola

Sheol an Taoiseach feachtas Uachtaránachta Gay Mitchell go hoifigiúil inniu agus d'iarr ar lucht tacaíochta Fhine Gael tacú leis. D'fhoilsigh Mary Davis sonraí faoin méid a shaothraigh sí le deich mbliana anuas agus d'iarr ar na hiarrthóirí eile amhlaidh a dhéanamh.

## Eimear Ní Chonaola

Sheol an Taoiseach feachtas Uachtaránachta Gay Mitchell go hoifigiúil inniu agus d'iarr ar lucht tacaíochta Fhine Gael tacú leis. D'fhoilsigh Mary Davis sonraí faoin méid a shaothraigh sí le deich mbliana anuas agus d'iarr ar na hiarrthóirí eile amhlaidh a dhéanamh.

## Siún Nic Gearailt

Bhí formhór na n-iarrthóirí amuigh i mbun feachtais<sup>i</sup> ar an dara seachtain den fheachtas<sup>ii</sup> Uachtaránachta. Bhailigh cuid acu i gColáiste Ríoga na Lianna in Éirinn. Dúirt an t-iarrthóir Mary Davis go bhfuair sí os cionn trí chéad is nócha míle euro i dtáillí stiúrthóireachta ó sé cinn d'eagraíochtaí stáit agus neamhstáit idir an bhliain dhá mhíle agus dhá mhíle is a deich. Dúirt sí gur thóg<sup>iii</sup> sí an cinneadh na sonraí a fhoilsíú ar a suíomh idirlín mar go raibh sí sásta a seanmóireacht féin a chleachtadh maidir le bheith oscailte.

Sheol an Taoiseach Enda Kenny feachtas toghchánaíochta Gay Mitchell agus d'iarr ar lucht tacaíochta Fhine Gael tacú leis. Dúirt Gay Mitchell féin gur faoin gcéad Uachtarán eile a cheart a bheadh sé a bheith i gceannas ar na hullmhúcháin do chomóradh céad bliain 1916.

I ráiteas a d'eisigh<sup>iv</sup> Martin McGuinness, dúirt sé gur poist<sup>v</sup> agus infheistíocht is mó a bheidh sé féin ag díriú air dá dtoghfaí é ina Uachtarán.

Dúirt an t-iarrthóir neamhspleách eile Seán Gallagher go raibh brón air go raibh an oiread sin cainte ar chonspóidí a bhain le litreacha trócaire David Norris agus cúlra Martin McGuinness.

Agus, i mbun stocaireachta i Nás na Rí, chosain an Seanadóir David Norris arís inniu an ról a bhí aige féin in iarracht saoránacht Éireannach a fháil dá iar-pháirtí.

I ráiteas ó Dana, bhí sí ar aon aigne le Seán Gallagher, agus i bhfabhar post roinnte<sup>vi</sup> i dtreo go sábhálfaí airgead don cháiníocóir agus don phobal<sup>vii</sup>

Dúirt an t-iarrthóir Mícheál D. Ó hUigín go gcaithfí díriú ar dhaoine sa tír gan dídean. Imreoidh<sup>viii</sup> baill an Oireachtais in aghaidh uiséirí na Dála chun airgead a bhailiú do dhaoine gan dídean.

---

<sup>i</sup> *feachtasaíochta a deirtear*

<sup>ii</sup> *den bhfeachtas a deirtear*

<sup>iii</sup> *go dtóg a deirtear*

<sup>iv</sup> *eisigh a deirtear*

<sup>v</sup> *postanna a deirtear*

---

<sup>vi</sup> *Is é atá i gceist ná go mbeadh eolas faoi gach iarrthóir ar na bileoga eolais céanna a sheolfar go dtí gach teach in Éirinn.*

<sup>vii</sup> *don gcáiníocóir agus don bpobal a deirtear*

<sup>viii</sup> *cluiche peile atá i gceist*